# An tIascach a Bhí

Is léir go raibh taithí ag an ndúthaigh seo ar an dá shórt báid leis na cianta cairbreacha agus go bhfuil iascach á dhéanamh ar na cóstaí seo le sinsearacht leis an dá shórt báid, ceann an chraicinn agus an ceann adhmaid.

Tá cuimhne fós anso ar iascairí ón áit i dtosach na naoú haoise déag agus iad a' dul ar imirce, ach ní go Sasana ná go Meiriceá é. Chuadar go Talamh an Éisc mar a raibh cuanta breátha chun iascaigh agus tarrac ar iasc ag iascairí.

## Gabhair

Ochtar fear a bhíodh sa bhád saighne cloch agus dhéanaidís iascach sa chuan agus lasmuigh des na cnoic de réir mar oireadh agus de réir mar bhíodh an t-iasc a' ráthaíocht. Gabhair is mó a bhíodh á n-iascach acu agus dúirt duine éigin mar gheall ar cheann des na báid sin: "Bhí an bád lán de ghabhair bheaga againn, gan aon bhróg ar éinne againn, agus sinn go dtí ár nglúine sna gabhair."

Déantaí ana-bhiaiste ar iascach na ngabhar. D'íosfadh líon tí trí soithí gabhar sa bhliain, gan a n-íosfaidís d'iasc úr i gcaitheamh biaistí a áireamh.

Bhí a' dul go maith don saighne cloch go dtáinig na séirdíní. Chuireadar an teitheadh ar fad ar na gabhair as an áit agus chuireadar briseadh ar an saighne cloch, mar toisc a raibh d'ola iontu, lobhadh an saighne. Chuirfeadh na maicréil mhóra Bhealtaine an saighne trá ó mhaith leis an aimsir.

## Ainmneacha Báid Saighne

I gcúrsa an tsaighne is iad na báid a bhí i mBaile na nGall: an Platter; an Paycock; an Tinpinní; an Bád Dearg; an Bád Mór; Bád Chéilleachair; Báidín Glan; an Chuilt agus an Bád Bán. Bhí báid Dhún Chaoin ainmnithe go deas feistithe i gceathrú bheag fhilíochta:

An Tint's an Tarbh
An Sprid's an Púca,
An Robálaí's an Bithiúnach
Agus an Cromán go dlúth leo.

## Iascach Bradán.

B'iad Tadhg Ó Mainín agus Paidí Mhicí a thug an saighne bradán go dtí muintir Bhaile Loisce. Ní fhéadfaí aon bhradán a mharú gan mogall dleathach agus cead ó Lord Ventry agus chaithfí cíos a dhíol leis, agus díol as ceadúnas leis a' Rialtas.



*Iascach Bradán i gCuan Bhréanainn le naomhóig.*

## Na Maicréil Mhóra Bhealtaine

Deireadh seandaoine i gcónaí gur timpeall Bhliain na Mine Déirce a ghaibh na maicréil mhóra Bhealtaine i dtreo na háite agus gur san am céanna nó tamall roimis sin a tugadh ann naomhóga. B'í 1880 bliain na Mine Déirce. Ráinig drochshaol ar fuaid na tíre sna blianta 1879 agus 1880 agus thángthas i gcabhair ar dhaoine bochta leis an min seo.

Níorbh aon bhréag maicréil mhóra a ghlaoch ar na maicréil Bhealtaine. "Maicréil ab ea iad go raibh faid do láimhe i ngach ceann acu," atá san "Oileánach."

## Na Céad Naomhóga

Níl aon amhras ná gurb iad muintir hAirtní ón bhFeorainn, in aice le Caisleán Ghriaire, a dhéan naomhóga ar dtúis i gCorca Dhuibhne. Sa Duanaire Duibhneach tá naomhóg acu molta go hárd ag an bhfile Ó Doinnléibhe, agus mairfidh a cuimhne nuair a bheidh naomhóga imithe as cuimhne daoine ar fad. Sa nóta eolais a thug Seán Ó Dubhda leis an amhrán, "Beauty Deas an Oileáin," deir sé, "Rás naomhóg a ráinig i gCuan Fionntrá caoga bliain ó shin. Bhuaigh muintir an Oileáin le naomhóg a dhéan Micheál Ó hAirtní, ón bhFeorainn in aice le Caisleán Ghriaire. 'Siad muintir hAirtní a dhéan an chéad naomhóg i gCorca Dhuibhne. Ó Chontae an Chláir a thángadar go Bréanainn breis is céad bliain ó shin (roimh 1830)

## Iascairí ón Iasacht

Sa bhliain 1880 thosnaigh báid mhóra a' teacht ag iascach na maicréal. Ón bhFrainc agus ó Oileán Mhanainn a tháinig an chéad chuid acu. Sa bhliain 1887 críochnaíodh an fánán agus an falla cosanta i mBaile na nGall. Sa bhliain 1881 bhí suas le daichead bád ag iascach ó Chuan Árd na Caithne. Ó Shasana ab ea cuid mhór díobh.

Tá sé breactha i dtuairiscí an Bhóird Iascaigh don mbliain 1882: "Ballydavid, or rather Smerwick Harbour is likely to become the rendezvous of 400 fishing boats. Ballydavid is likely to become a town."

Maicréil Bhealtaine is mó a bhí na báid seo ar fad ag iascach ach tógadh naoi mhíle gliomach timpeall a' Daingin agus timpeall Fionntrá i 1882.

Ón am san anuas go dtí aimsir an Dara Cogaidh Mhóir bhí an naomhóg fé réim i gCorca Dhuibhne. I 1921 bhí 400 naomhóg ag iascach ar na cóstaí ann, sna cuanta beaga ar fad sa leithinis. Ach tá sé chomh fuirist inniu naomhóga a chóireamh i gCorca Dhuibhne is a bhí sa bhliain 1881, nuair a dhéan muintir hAirtní an chéad naomhóg sa dúthaigh seo.

## Céad Éisc

Níor mhiste a mhíniú, b'fhéidir cad ba chéad éisc ann. Daichead lámh, dhá lámh agus tally a bhí i gcéad. Bhí trí bhreac sa láimh agus dhá bhreac sa tally agus b'shin 128 breac sa chéad.

## Blianta an Rachmais

Sa bhliain 1891, cuireadh, den gcéad uair, iasc ón nGaeltacht ar thraein ón nDaingean go Trá Lí. Bhí 2,363 bosca ann de mhaicréil a tugadh i dtír sa Chuas, i gCuan Ard na Caithne agus i mBaile Móir.

Tháinig borradh agus fás ar an iascach de réir a chéile. Tháinig an chéad trálaer, the Hesperus, go dtí an nDaingean i 1848 agus i 1849 tháinig ceann eile ann, an Nelson. Ag méadú orthu a bhí 'na dhiaidh san.

Bhí ceannathóirí éisc a' déanamh saothair le hiasc chomh maith. Bhí galtáin agus seanachreatlaigh long lán de leac oighir acu san. Bhí cúipéirí agus siúinéirí agus gach aon tsórt ceardaí agus sclábhaí a theastaigh timpeall éisc, imeasc na bpacálaithe. Bhíodar a' déanamh boscaí, a' gearradh agus a' briseadh leac oighre, a' cur an éisc i leac oighir agus á chur i mboscaí éisc.

## An Meath

Bhí meath a' teacht ar iascach sna cuanta beaga ó 1921 amach. Chuir an Poncánach dhá dhollar cánach ar an mbairille éisc an bhliain úd. B'shin ba chúis leis an meath do theacht. Ag lagú leis a bhí an t-iascach as san amach.

Bhí iascairí óga ag imeacht ar imirce agus ógmhná dá réir agus scoth na bhfear agus plúr na mban á scaoileadh sall go Meiriceá in ionad bairillí éisc.

Thíos seal agus thuas seal a bhí ag an iascach sa leithinis ó shin. Tháinig forbairt mhór air sa Daingean agus i mBréanainn ach sa lá ata inniu ann is sa Daingean is fearr atá slí bheatha le baint amach as iascach.

Tá iascairí fós, áfach, a' tuilleamh slí bheatha sna cuanta beaga ar fuaid na leithinse.

— *Eibhlín Ní Mhurchú,* Céad Bliain Chorca Dhuibhne

## Ceisteanna

1. Ainmnigh na héisc atá luaite sa scéal.

2. Cathain a déanadh an chéadh naomhóg i gCorca Dhuibhne?

3. Cad 'na thaobh go dtáinig meath ar an iascach i ndiaidh 1921?

4. Cá bhfuil Talamh an Éisc?

5. Conas a fuair an áit an t-ainm, an doigh leat?

6. Cad é saighne?

7. Cad é an focal atá sa scéal ar thréimhse ama?

8. Ainmnigh an chéad trálaer a tháinig 'on Daingean agus an bhliain a tháinig sé.

9. Mínigh na focail seo as an scéal: na cianta cairbreacha; imirce; tarrac ar iasc; iasc a' ráthaíocht; ceathrú fhilíochta; dleathach; breac; galtáin.

10. Cérbh é an Poncánach atá luaite sa scéal?

## Obair le Déanamh

Chuirfeadh sí an citeal ar siúl dá mbeadh sí a' déanamh tae.

Scríobh iad so sa Mhodh Coinníollach mar atá thuas.

a. Bhí sí ar scoil (dá ...); b. Cheannaigh sé milseáin (dá ...);

c. Chuala an clog (dá ...); d. Fuairis slaghdán (dá ...),

e. Dúnadh an doras (dá ...).



Na báid i gCé Bhréanainn, 1984

# Iascaireacht an Lae Inniu

Calafort ana-thabhachtach iascaireachta is ea an Daingean. Tá suas le 20 trálaer lonnaithe ann agus slí bheatha ag braith ar iascaireacht ag mórán de mhuintir an bhaile agus an cheantair mháguaird. Is ar a' bhfarraige a thuilleann suas le 100 duine acu so a slí bheatha agus oibríonn mórchuid daoine — fir is mná — i monarchain phróiseála éisc san áit féin nó in aice leis.

Tá pictiúir anso de thrálaer agus dá chuid fearas. Bíonn cuid des na trálaeirí suas le 40 méadar ar fhaid. Bíonn cuid acu níosa mhó ná san agus is cinn níosa lú ná san atá sa Daingean.

Nuair a bhíonn trálaer a' déanamh ar a' mbanc éisc, cuireann an captaen an grúntálaí macalla ar siúl. Deir sé sin leis an bhfuil iasc a' ráthaíocht fén dtrálaer.

Tá gach sórt fearais leictreonach nua-aimsearach sa trálaer nua. Ní gá don gcaptaen ach féachaint ar scáileán agus cíonn sé rudaí atá thíos fén uisce. Cíonn sé iasc a' ráthaíocht.

Mála mór 'na bhfuil na mílte mogall is ea an trál. Caitheann na hiascairí isteach san uisce é agus tarraigíonn an trálaer 'na dhiaidh é ar ghrineall na farraige. Bíonn béal an mhála ar oscailt agus téann na héisc isteach ann. Iasc grinill: Iasc a mhaireann ar ghrineall na mara, an trosc, an chadóg, an faoitín, an leathóg, an sól, an turbard agus an bhroit.

Nuair a thagann an t-am chun an líon a tharrac isteach bíonn na hiascairí cúramach nó gnóthach. Oibrítear unlas innill agus na deiricí chun é sin a dhéanamh. Tugann an trálaer aghaidh ar an gcuan nuair a bhíonn ualach maith éisc ar bórd.

Ar an dturas abhaile ní díomhaoin a bhíonn na hiascairí. Caitheann siad an t-iasc a ghlanadh agus a chur i mboscaí. Bíonn na céadta faoileán ag eitilt os cionn an bháid agus an obair seo ar siúl. Alpann siad siar putóga an éisc. Is minic a bhíonn leac oighir ar bórd agus cuirtear sna boscaí é chun an t-iasc a choiméad úr. Bíonn an t-iasc ullamh don margadh nuair a shroiseann an trálaer cuan.

Fanann cuid des na trálaeirí móra amuigh ag iascaireacht ar feadh cúpla lá nó níosa shia, b'fhéidir. Bíonn gach áis sna trálaeirí seo, iad cosúil le hóstán den gcéad ghrád, mar a dúirt duine éigin 'na dtaobh.

Iasc peiligeach: maireann siad in aice le bárr an uisce, an maicréal, an scadán, an salán, an séirdín agus mar sin do.

Iasc sliogáin: an ribe róibéis, an piardán, an gliomach, oisre, portán agus a thuilleadh nach iad.

Tá a lán modh iascaigh ann, trálaeireacht, iascaireacht le sruthlíonta, iascaireacht le doraithe agus dubháin nó le potaí.


Tá cuid des na líonta dofheisce (monofilament) agus táid ar dhath an ghloine. Táid so neamhdhleathach ach amháin d'iascaireacht ghrinnill, sé sin iad a leagaint anuas ar ghrinneall na farraige mar a dhéanfá le blaincéad.

Maireann an t-iasc ar phlanctón, plandaí bídeacha agus dúile ana-mhion is ea planctón. Sníonn sé isteach sa bhfarraige os na haibhinte agus is in uisce glan a gheibhtear é.


Bíonn go leor trálaer ó thíortha iasachta ag iascach ar chósta na hÉireann agus is mó ceann acu atá ceithre nó cúig uaire níosa mhó ná trálaeirí na hÉireann. Bíonn longa móra próiseála in éineacht leo, saghas monarchan ar snámh. Bíonn siad ag iascach go mí-dhleathach go minic agus níl iascairí na hÉireann sásta leis an líon beag longa cabhlaigh atá againn chun a bheith a' faire orthu.

Tá tionscal na hiascaireachta in Éirinn a' borradh is a' fás. Timpeall 3,500 iascaire lánaimsearach atá sna sé chontae is fiche agus tá breis is 4,500 iascaire páirt-aimsearach ann. Tá suas le 7,000 fostaithe i dtionscail go bhfuil baint acu leis an iascaireacht. Orthu so tá próiseáil éisc, min éisc, iasc reoite, iasc pacáiste, déanamh bád agus líonta.

Trálaeireacht: **A** ceann caol an tráil; **B** téad an ghrinnill (faoi thromáin); **C** an téad uachtair; **D** clár adhmaid



## Ceisteanna



Bíonn fearas leictreonach nua-aimseartha sna trálaeir nua — grúntálaí macalla, Sonar agus Radar

1. Conas a aimsíonn an t-iascaire an t-iasc sa trálaeir nua?
2. Conas a bheireann an trál ar an iasc?
3. Dá mbeifeá ag láimhseáil éisc cad a dh'fhanfadh ar do lámha?
4. Ainmnigh na héisc ar fad atá luaite sa scéal.
5. Conas a tógtar an trál ón bhfarraige?
6. Cad 'na thaobh go mbíonn faoileáin ag eitilt os cionn trálaera?
7. Cad a choimeádann iasc úr sna boscaí?
8. Cad air a mhaireann na héisc sa bhfarraige?
9. Faigh brí na bhfocal so: fearas; lonnaithe; scáileán; grineall na farraige; macalla; sruthlíonta; dofheisce:
10. Ainmnigh cuan (nó cuanta) id' cheantar féin 'na bhfuil iascach ar siúl.

## Obair le Déanamh

Bíonn sé ar a' bhfarraige.

Scríobh iad so sa tslí chéanna le ar a' bhfarraige.

(an bórd; an bóthar; an chathaoir; an dochtúir; an falla; an geata; an páipéar; an talamh).

### Seanfhocail

Ní breac é go bhfuil sé ar a' bport.

---

Trí rudaí nach féidir a thuiscint:

Obair na mbeach;

Teacht agus imeacht na taoide;

Agus intinn na mban.

---

Éist le fuaim na habhann agus gheobhair breac.

# Jimín Ar Seachrán Farraige

Theastaigh airgead uainn do liathróid choise. Bhíomar i bhfad a' cuimhneamh agus a' smaoineamh agus is é rud a bheartaíomar sa deireadh ná gliomaigh a dhíol. Agus cheapamar maidin Domhnaigh chuige sin.

Bhí a lán cogarnaí ar siúl ag a' mbeirt againn. Bhí sé socair againn ná tógfaimís ach ceithre cinn de ghliomaigh nó b'fhéidir cúig cinn. Ní raghaimís thar chúig cinn. Chuirfimís i gcliabh iad agus feamanach timpeall orthu agus thabharfaimís 'on Daingean ar shlí éigin iad. Bheadh an chaid a' teacht abhaile againn.

Istoíche Dé Sathairn thógamar an dá mhaide rámha ó bhinn tí Thaidhg Neillí agus chuireamar i bhfolach i ndíg sceach iad. Bhí an bád ar snámh i gCuas na Báistí agus bhí fhios againn go mbeadh sí ann ar maidin.

D'imigh an bheirt againn go dtí an gcéad Aifreann go luath. Nuair a bhí gach aon duine imithe leo chun an dara hAifrinn ghluaiseamar-na chomh fada le Gort a' Leasa. D'éalaíomar isteach sa lios agus scaoileamar na daoine ar fad tharainn. Rugamar na maidí linn ansan agus chuamar sa bhád. Seana-phota trom is ea í, agus í ainnis le rámhaíocht.



*Beannú na mBád sa Daingean, Bealtaine 1991.*

Bhí an ghaoth ón dtalamh agus bhogamar linn soir le hais na gcloch sa bhfothain. Bhuail corc linn agus rugamar air. Bhíomar a' tarrac agus ár dteanga amuigh againn, go dtáinig an pota gliomach aníos go dtí taobh an bháid. Ní raibh faic ann. Ni haon mhisneach a chuir san orainn, dár ndoigh.

Thángamar go dtí pota eile. Portán dearg a bhí ansan agus a dhá chrúb ar leathadh aige ag iarraidh breith orainn. Scaoileamar uainn an pota.

Ní dh'fhan aon mhisneach mór ansan againn agus dúirt Micilín ná faighimís gliomach an lá san. Dúrt-sa leis paidir a rá. Bhí leath "Ar nAthair" ráite aige nuair a chuimhnigh sé gur a' goid gliomach a bhíomar agus tháinig stad sa phaidreoireacht. Níor mhaith leis, a' dtuigeann tú, a iarraidh ar Dhia cabhrú leis chuige sin.

Thángamar go dtí an dtríú pota agus am basa, bhí fámaire de ghliomach ann. Chuardaíomar cúig phota eile agus bhí trí ghliomach againn.

Ach rug an ghaoth ón dtalamh agus an taoide ar a' mbád agus tugadh amach fén bhfarraige mhór sinn. Chrom Micilín ar bhéicigh agus ar ghlaoch ar a mháthair agus ansan tháinig dath glas-liath air, agus breoiteacht fharraige.

Tháinig eagla orm féin leis. Bhuail sé isteach im' chroí gurb amhlaidh a bhí Dia i bhfeirg linn. Leis sin chaitheas na trí ghliomach i bhfarraige féachaint a' gcuirfeadh san fearg Dé dínn. Ach ní chuir.

Bhí fhios againn ná raibh Dia ró-mhór linn toisc a raibh de shladaíocht déanta againn. Gheallamar ná goidfimís uibhe goir ná gliomach a fhaid a mhairfimís beo.

Thuigeamar go mbogfadh san an scéal dúinn.

Bhíomar ansúd ar ár nglúine agus greim ar thochta an bháid againn agus an bád á caitheamh síos, suas, soir, siar, ag an mí-ádh farraige ná fanfadh socair.

Ní ró-chruinn atá na rudaí sin im' aigne in ao' chor anois. Is geall im' chuimhne iad leis a' dtromluí a bhí orm bliain ó shin, nuair a cheapas go raibh tarbh mór Mhicí Thomáis im' dhiaidh an cnoc anuas.

Tháinig codladh nó máirbhití éigin orm fé dheireadh agus is é an chéad rud eile is cuimhin liom i dtaobh an bháid ná Tadhg Óg a bheith dom' chroitheadh. Nuair a dhúisíos, thugas fé ndeara go raibh cúig cinn de naomhóga timpeall orainn agus greim ag naomhóig acu ar a' mbád.

Bhí mam sa naomhóig sin. Gheal mo chroí nuair chuir Tadhg isteach sa naomhóig mé agus chonac í. Ni fhéadfainn focal a rá lei ach cromadh ar ghol. Ní raibh aon fhocal as mam, ach thóg sí 'na hucht mé agus d'fháisc sí isteach lei mé agus chuir sí a brat im' thimpeall. Bhraitheas uirthi go raibh tocht uirthi, ach ní tocht é a chuir aon eagla orm roimpi. Thit mo chodladh orm agus ní dhúisíos go rabhas istigh aige baile.

## Ceisteanna

1. Conas a gheobhadh Jimín agus Micilín an t-airgead don gcaid?
2. Cad 'na thaobh feamanach a chur timpeall ar na gliomaigh?
3. Cad a bhí sa dara pota?
4. An mó gliomach a bhí fachta acu sna potaí?
5. Cad 'na thaobh go gcaith Jimín na gliomaigh sa bhfarraige?
6. Cad é an tromlui a bhí ag Jimín?
7. Cad a dhéanann iascaire le crúba an ghliomaigh taréis breith air?
8. Conas a déantar cócaireacht ar ghliomach?
9. Cad é an dath atá ar a' ngliomach a. beo; b. agus é beirithe?
10. Faigh focal nó focail eile dóibh seo: caid; fámaire; ainnis; cliabh; sladaíocht; uibhe goir; mairbhití.

# Beiriú an Ghliomaigh

Ar dtúis chuirtí cipín beag isteach thiar i bpoll eireabaill an ghliomaigh chun ná raghadh an t-uisce isteach ann. Ansan chuirtí isteach 'na steillebheathaidh é, in oigheann mór uisce fiuchaidh ar a' dtine, chun é a bheiriú.

Is minic a bhíodh an gliomach chomh láidir is nach mór ná go gcuirfeadh sé clúdach an oighinn in áirde de, agus chuireadh sé uisce fiuchaidh ar fuaid na tine.

Is mó uair a bhíodh trua agam don ngliomach bocht agus nach óm' chroí a chuirinn síos é. Ach iasc leochaileach is ea iasc sliogáin agus deirtear nár cheart é a dh'ithe, muna mbeadh sé 'na bheathaidh amach as a' sáile á chur a' beiriú, mar go mbíonn nimh air.

Is minic a chuireamar a' beiriú san oigheann, leis, portáin is órdóga portáin. Bhídís seo go deas le n-ithe fuar. Bhíodh an chéir bhuí a bhíodh sa phortán ana-mhilis le n-ithe. Bhíodh céir dhearg ann leis, ach ba mhilse liomsa an chéir bhuí ná í.

Chuirtí na portáin is na hórdóga a' beiriú isteach i gcroílár na tine leis. Chuirimís spréanna dearga anuas orthu. Bhídís geall le bheith clúdaithe againn leo. Nuair a bhídís beirithe, thógaimís amach as a' dtine iad leis a' dtlú. Ghlanaimís an luaith díobh, bhrisimís na sliogáin orthu agus thógaimís amach an bia astu ar phláta. Bhíodh an bia ana-dheas fuarbheirithe.

Bhíodh an gliomach ana-dheas le n-ithe, leis, mar seo, taréis é bheith beirithe: an bia a bhaint amach as a' sliogán, blúire ime a chur san oigheann ar a' dtine, an gliomach a chur síos a' róstadh ann le cúpla meacan dearg a bheadh beirithe roimis sin agat. Thagadh súlach dearg amach as a' ngliomach féin agus chuireadh an súlach so, agus blas an ime agus blas na meacan dearga, blas aoibhinn ar a' ngliomach. Is minic a dh'ith stróinséirí a bhíodh a' fanacht ar lóistín againne, gliomach déanta mar seo agus deiridís linn nár dh'itheadar riamh bia chomh breá, chomh dea-bhlasta leis.

Cuma eile chun gliomach fuarbheirithe a dhéanamh: dhéanaimís braon beag bainne a chur san oigheann ar a' dtine; blúire ime a chur isteach sa bhainne; oinniún mionaithe, brúscar aráin, salann is piobar. An gliomach a mhionú suas, é chur isteach anso agus é a mheascadh tríd na rudaí eile.


Ansan ubh buailte a chaitheamh anuas ar an meascán go léir. Clúdach a chur ar an oigheann agus tine a chur anuas air, fé mar a chuirfeá ar chíste agus é a dh'fhágaint a' bácáil tamall. Ansan an clúdach a thógaint den oigheann leis a' dtlú. Dá mbeadh an screamh deas rua ar a bharra, bheadh sé bácálta. Bhíodh blas na meala sa chuma so, leis, ar a' ngliomach.

Bhíodh taithí againne ar gach saghas bídh san oileán, bia breá folláin, úr, iasc úr díreach amach as a' bhfarraige. Is minic a bhíodh an maicréal 'na bheathaidh taréis é a thabhairt abhaile. Tá a rian air, ní gheibhimíd aon bhlas deas ar ao' rud a bhíonn ar leac oighir, toisc taithí a bheith agiann i rith ár saoil ar bhia úr ceart.


Bhí bia agus beatha san oileán, feoil agus iasc úr ná raibh a sárú le fail. Tá san imithe anois. Slán beo leis mar shaol.

— *Sliocht as* Bean an Oileáin, *le Máire Ní Ghuithín*


AN TROSC


AN GLIOMACH



AN CHADÓG



AN RIBE RÓIBÉIS



AN FAOITÍN


AN LEATHÓG BHALLACH


AN TURBARD


AN BHROIT


AN LEATHÓG MHÍN





AN MAICRÉAL


AN SCADÁN


AN SALÁN